CINNEADH Uimh. 77/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní X (Seirbhísí go ginearálta) agus XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1145]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009, (CE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 chun go n-oiriúnófar iad d'fhorbairtí in earnáil an iompair de bhóthar ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní X agus XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 3 (Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE:

"- **32020 R 1055**: Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 17)."

Airteagal 2

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointí 19a (Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 25a (Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

"- **32020 R 1055**: Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 17)."

Airteagal 3

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2020/1055 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh *.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 249, 31.7.2020, lch. 17.

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN